Coláiste Ghobnait
Inis Oírr



Polasaí Fón Póca/Gléas Digiteach
2026/2027

Glactha leis ag an mBord Bainistíocht ar an 04/12/2024
Faofa ag an mBord Oideachas agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (BOOGR) ar an 10/12/2024

Ullmhaíodh an Beartas seo i gcomhairle le Tuismitheoirí, Scoláirí, Baill Foirne, an Bord Bainistíochta agus an BOOGR

BAINEANN AN POLASAÍ SEO LE:

Daltaí, foireann na scoile, tuismitheoirí, Bord Bainistíochta na scoile chomh maith le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Roscomáin.

RÁITEAS MISIN

Ár misiún i gColáiste Ghobnait ná forbairt oideachasúil, intleachtúil, fisiciúil agus culturtha a spreagadh i measc scoláirí na scoile i dtimpeallacht thaitneamhach shláintiúil a thugann tús áite don fhéinmheas, don neamhspléachas agus d'fhorbairt gach ball de phobal na scoile.

FÍS NA SCOILE

"Ag fás is ag foghlaim le chéile go díograiseach agus go dúthrachtach trí mheán na Gaeilge, ina dtugtar tús áite do chothromaíocht, meas folláine agus ionracas, le spiorad an chomhoibrithe i measc pobal uile na scoile."

ÉITEAS



POLASAÍ FÓN PÓCA/GLÉAS DIGITEACH

Tá polasaí fón póca/gléas digiteach Choláiste Ghobnait i bhfeidhm chun leas agus sábháilteacht gach duine sa scoil a chosaint agus go speisialta chun aon bhaol nó cás tromaíocht a sheachaint agus freisin go mbeidh atmasféar níos fearr foghlamtha á chothú do scoláirí ar scoil. Baineann an polasaí seo le fón póca nó aon ghléas digiteach mar shampla ipod, ipad, aon ghléas cliste srl.

Tá cosc iomlán ar úsáid fón póca/gléas digiteach ar thalamh Choláiste Ghobnait (Ag siúl go dtí na seomraí réamhdhéanata, clós cispheil, céimeanna taobh amuigh den scoil irl).

Moltar do dhaltaí an fón/gléas digiteach a fhagáil ag baile. Ciallaíonn am scoile ón 8:40 ar maidin go dtí 4.00 tráthnóna nó níos deanaí má tá imeachtaí bhreise ar siúl ag an dalta ar scoil. Ní féidir an fón/gléas digiteach a bheith agat ag am sosa ach an oiread.

Níl cead aon ghriangrafanna nó fiseáin a thógail i limistéar na scoile nó i rith eachtraí scoile gan cead ón scoil mar shampla imeachtaí tar éis na scoile.

Níl cead aon ghrianghraf nó físeán don choláiste a uaslodáil nó d'aon scoláire/múinteoir/baill fóirne ar aon suíomh idirlíon/greasán meáin shóisialta. Cuireann sé seo isteach ar chearta príobháideacha an duine.

Aithníonn Coláiste Ghobnait go bhfuil fón póca agus gléasanna digiteacha ina gcuid lárnach de chultúr agus bealach saoil daoine óga. Mar scoil, aithnímid freisin go mbeidh níos mó úsáid á bhaint as teicneolaíocht dá leithéid seo i gcleachtais fhoghlama amach anseo, ach ar nós gach úsáid TFC, caithfidh rialacha agus treoirlínte aontaithe a bheith ann chun cur isteach a chosc agus nósanna maith foghlama a spreagadh. Tá cosc iomlán ar úsáid fón póca i gColáiste Ghobnait agus tá na rialacha seo a leanas in áit:

- Is ar an scoláire atá an fhreagracht dá bhfón póca agus ní ghlacann an scoil aon fhreagracht airgeadais i leith damáiste, cailliúint ná goid.
- Má fheictear scoláire ag úsáid fón póca/gléas digiteach le linn an lae scoile agus go ndiúltaíonn siad an fón/gléas a thabhairt suas tabharfar chuig an bpríomhoifig iad agus déanfar teagmháil leis na Tuismitheoirí/Caomhnóirí le go dtabharfaidh siad leo an scoláire ó áitreabh na scoile don chuid eile den lá.
- Má choinníonn scoláire ag briseadh na rialacha atá leagtha síos sa bpolasaí seo fiafrófar ansin ar na tuismitheoirí/caomhnóirí freastal ar chruinniú leis an bPríomhoide/bPríomhoide Tánaisteach leis an scéal a phlé.

Nós imeachta i leith Moilliú tar éis am scoile:

Beidh an scoláire coinnithe siar tar éis am scoile ar feadh 40 noiméad. Cuirtear scéal abhaile ag tuismitheoir roimh ré, ag léiriú dáta agus am don moilliú. Is gá an moilliú a dhéanamh ar an dáta a tugtar. I gcás nach ndéantar an moilliú ar an dáta cuí is féidir leis an bPríomhoide/bPríomhoide Tánaisteach moilliú eile a chur ar siúl ar lá eile.

Ciallaíonn <u>úsáid an fón póca/gléas digiteach</u>:

1. An fón/gléas digiteach a bheith casta air.
2. Ag cur glaoch nó ag fáil glaoch.
3. Ag seoladh nó ag fáil téacstheachtaireacht.
4. Ag tógail pictiúr.
5. Ag déanamh fiséan.
6. Ag seiceáil an am.
7. Ag imirt cluichí.
8. Ag úsáid an idirlíon.
9. Ag éisteacht le ceol agus srl.

- Moltar do thuismitheoirí/caomhnóirí a chur ina luí ar a mac/iníon **<u>gan an fóca póca/gléas digiteach a thabhairt ar scoil</u>.**
- Ní dhiúltófar do dhalta fón na scoile a úsáid chun teagmháil a dhéanamh leis an mbaile.

Má chloister nó **má fheictear** fón póca/gléas digiteach – tógfar na céimeanna seo a leanas:

Céim 1

An chéad uair a bhíonn fón póca/gléas digiteach ina seilbh ag dalta:

- Iarrtar ar an dalta an fón/gléas digiteach a thabhairt suas láithreach don mhúinteoir ábhar.
- Tabharfaidh an múinteoir ábhar an fón go dtí an oifig ag deireadh an ranga. Siníonn an múinteoir foirm atá ar fáil san oifig ag **síneadh isteach an fón póca/gléas**. Beidh ar an múinteoir taifead a dhéanamh ar Tyro.
- Cuirtear an fón póca/gléas digiteach i gclúdach litreacha le hainm an dalta air. Coinnítear faoi ghlas an fón poca/gléas digiteach san oifig.
- Sula dtugtar an fón póca/gléas digiteach ar ais, síníonn an dalta foirm **ag glacadh ar ais leis an bhfón póca/gléas digiteach.**
- **Tugtar ar ais an fón/gléas digiteach ag deireadh an chéad lá scoile eile (24 uair a chloig).**
- **Má thógtar an fón/gléas digiteach ar an Aoine, tugtar ar ais an fón/gléas tráthnóna Dé Luain.**
- **Beidh an dalta ar moilliú tar éis na scoile.**

Céim 2

An dara uair a bhíonn fón póca/gléas digiteach ina seilbh ag dalta:

- Iarrtar ar an dalta an fón/gléas digiteach a thabhairt suas láithreach don mhúinteoir ábhar.
- Beidh moilliú tar éis am scoile
- Tabharfaidh an múinteoir ábhar an fón go dtí an oifig ag deireadh an ranga. Siníonn an múinteoir foirm atá ar fáil san oifig **ag síneadh isteach an fón póca/gléas digiteach**. Beidh ar an múinteoir taifead a dhéanamh ar Tyro.
- Cuirtear an fón póca/gléas digiteach i gclúdach litreacha le hainm an dalta air. Coinnítear faoi ghlas an fón poca/gléas digiteach san oifig.
- Sula dtugtar an fón póca/gléas ar ais, síníonn an dalta foirm **ag glacadh ar ais leis an bhfón póca/gléas digiteach.**
- **Tugtar an fón/gleas digiteach ar ais tar éis seachtaine.** Cuireadh an múinteoir bliana tuismitheoirí/ caomhnóirí ar an eolas i ríomhphost.
- **Beidh an dalta ar moilliú tar éis na scoile.**

Céim 3

An triú uair a bhíonn fón póca/gléas digiteach ina seilbh ag dalta:

- Iarrtar ar an dalta an fón/gléas a thabhairt suas láithreach don mhúinteoir ábhar.
- Tabharfaidh an múinteoir ábhar an fón go dtí an oifig ag deireadh an ranga. Siníonn an múinteoir foirm atá ar fáil san oifig **ag síneadh isteach an fón póca/gléas digiteach**. Beidh ar an múinteoir taifead a dhéanamh ar Tyro.
- Cuirtear an fón póca/gléas i gclúdach litreacha le hainm an dalta air. Coinnítear faoi ghlas an fón poca/gléas san oifig.
- **Tugtar an fón/gleas ar ais tar éis coicís (dhá sheachtain).** Cuireadh an múinteoir bliana tuismitheoirí/ caomhnóirí ar an eolas i ríomhphost.
- **Beidh ar an Tuismitheoir/Caomhnóir an fón a bhailiú ón scoil tar éis coicíse (dhá sheachtain)**
- **Beidh an dalta ar moilliú tar éis na scoile.**

Céim 4

An ceathrú uair a bhíonn fón póca/gléas digiteach ina seilbh ag dalta, agus **gach uair ina dhiaidh sin**:

- Iarrtar ar an dalta an fón/gléas digiteach a thabhairt suas láithreach don mhúinteoir ábhar.
- Tabharfaidh an múinteoir ábhar an fón go dtí an oifig ag deireadh an ranga. Siníonn an múinteoir foirm atá ar fáil san oifig ag síneadh isteach an fón póca/gléas.
- Cuirtear an fón póca/gléas digiteach i gclúdach litreacha le hainm an dalta. Coinnítear faoi ghlas an fón poca/gléas san oifig.
- **Beidh an fón/gléas digiteach coinnithe ar feadh coicís (dhá sheachtain) agus gach uair ina dhiaidh sin.**
- Cuireadh an múinteoir bliana Tuismitheoirí/Caomhnóirí ar an eolas i ríomhphost agus beidh cruinniú eagraithe. Beidh ar an Tuismitheoir & Scoláire freastal ar an gcruinniú seo leis an múinteoir bliana agus an Príomhoide Tánaisteach. Beidh ar an múinteoir taifead a dhéanamh ar Tyro.
- **Beidh an dalta ar moilliú tar éis na scoile.**

Ní ghlacann an scoil aon fhreagracht as fón/gléas digiteach a bheith caillte, goidithe nó briste. Tá an dalta freagrach as a bhfón/gléas digiteach féin.

Aguisín 1

Fón póca/Gléas Digiteach tógtha uaidh scoláire				
Ainm an Scoláire	**Múinteoir a thóg an fón póca/gléas digiteach**	**Dáta**	**Síniú an scoláire/Tuismitheoir Ag fáil an fónpóca/gléas digiteach ar ais**	**Dáta**